



HM Government

An caidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach sa todhchaí

Achoimre Feidhmiúcháin

Fágfaidh an Ríocht Aontaithe **an tAontas Eorpach an 29 Márta 2019** agus leagfaidh sí amach cúrsa úr sa domhan.

Beidh **toradh reifreann 2016 seachadta** ag an Rialtas – an beart daonlathach is mó i stair na tíre seo. Beidh an chloch mhíle is tábhachtaí bainte amach aige ina phríomh-mhisean – tír a oibríonn do chách a thógáil, ar tír í a bheidh níos láidre, níos córa, níos aontaithe agus níos réamhbhreachaithí.

Fís mhionsonraithe

Chun an misean sin a chomhlíonadh, tá togra mionsonraithe do **Brexit praiticiúil agus ar bhonn prionsabal** á chur chun cinn ag an Rialtas.

Is é an togra seo a thugann **bonn don fhís atá leagtha amach ag an bPríomh-Aire ag Lancaster House, i bhFlórans, ag an Mansion House agus in München**, agus a dtugann ar an gcaoi sin aghaidh ar na ceisteanna atá ardaithe ag an AE sna míonna idir seo agus sin – ag míniú conas a oibreodh an caidreamh, cad iad na tairbhí a bheadh ann don dá thaobh, agus an fáth a ndéanadh sé ceannasacht na Ríochta Aontaithe chomh maith le féinriail AE a urramú.

Pacáiste atá ann go bunúsach faoina mbaintear amach **cothromaíocht úr chóir** idir cearta agus oibleagáidí.

Tá súil ag an Rialtas gurb é toradh an togra **go gcuirfear dlús leis an idirbheartaíocht**, agus an Ríocht Aontaithe agus an tAE ag obair le chéile an fóimhar seo chun creat a fhorbairt agus a chomhaontú maidir leis an gcaidreamh sa toadhcháí.

Brexit ar bhonn prionsabal

Is ionann Brexit ar bhonn prionsabal agus **meas a léiriú ar thoradh an reifrinn** agus ar chinneadh an phobail seilbh a ghlacadh in athuir ar dhlíthe, ar theorainneacha agus ar airgead na Ríochta Aontaithe – agus é a dhéanamh ar bhealach a thacaíonn le cuspóirí níos leithne an Rialtais i gcúig phríomhréimse de shaol náisiúnta na Ríochta Aontaithe.

Maidir leis **an ngeilleagar**, caidreamh eacnamaíoch leathan agus láidir a fhorbairt leis an AE faoina n-uasmhéadófar rathúnas sa toadhcháí ar aon dul le Straitéis Thionsclaíoch nua-aimseartha na Ríochta Aontaithe agus faoina n-íoslaghdófar cur isteach ar thrádáil idir an Ríocht Aontaithe agus an AE, rud a fhágfaidh go gcosnófar poist agus slíthe beatha – agus ag an am céanna an leas is fearr a bhaint as deiseanna trádála ar fud an domhain.

Maidir le **pobail**, dul i ngleic le húdair imní shonracha a cuireadh in iúl sa reifreann trí dheireadh a chur le saorghluaiseacht agus córas úr inimirce a chur i bhfeidhm, beartais neamhspleácha úra a thabhairt isteach chun tacú le pobail feirmeoireachta agus iascaireachta, úsáid a bhaint as an gCiste Comhroinnte Rathúnais chun sraith úr athnuachana a thosú i mbailte agus i gcathracha na Ríochta Aontaithe, mar aon le saoránaigh a choinneáil sábháilte.

Maidir leis an **aontas**, gealltanais do Thuaisceart Éireann a chomhlíonadh tríd an bpróiseas síochána a chosaint agus teorainn chrua a sheachaint, sláine bhunreachtúil agus eacnamaíoch na Ríochta Aontaithe a chosaint, agus na cumhachtaí cuí a thabhairt do Dhún Éideann, Caerdydd agus Béal Feirste – agus`ag an am céanna, cinntiú nach mbeidh Spleáchríocha na Corónach, Giobráltar ná na Críocha eile Thar Lear thíos leis an gcomhaontú. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtiocfaidh athrú ar bith ar a gcaidreamh seanbhunaithe leis an Ríocht Aontaithe.

Maidir leis an **daonlathas**, institiúidí an AE a fhágáil agus ceannasacht na Ríochta Aontaithe a fháil ar ais, agus ar an gcaoi sin cinntiú gurb iad siúd atá tofa ag na daoine a dhéanann na dlíthe agus gurb iad cúirteanna na Ríochta Aontaithe a dhéanann iad a fhorfheidhmiú, agus iad cuntasach go soiléir do mhuintir na Ríochta Aontaithe.

Maidir le **háit na Ríochta Aontaithe sa domhan**, leanúint leis an nuálaíocht agus smaointe úra a chur chun cinn, beartas eachtrach go hiomlán neamhspleách a chur chun cinn, agus oibriú i gcomhpháirt leis an AE chun luachanna comhpháirteacha na hEorpa maidir le daonlathas, oscailteacht agus saoirse a chur chun cinn agus a chosaint.

Caidreamh úr

Agus é ag fáil treorach ó na prionsabail sin, tá an Rialtas meáite ar **chaidreamh úr a fhorbairt a oibreoidh don Ríocht Aontaithe agus don AE**. Caidreamh a bheidh ann faoina bhfágfaidh an Ríocht Aontaithe an Margadh Aonair agus an tAontas Custaim chun deiseanna úra a shaothrú agus ról úr sa domhan a fhorbairt, agus ag an am céanna cosaint a thabhairt d'fhostaíocht, tacú le fás agus comhar slándála a choimeád.

Creideann an Rialtas nach mór do raon feidhme an chaidrimh úir seo a bheith níos leithne ná cinn eile atá ann idir an tAE agus tríú tír. Ba chóir **go léireodh sé stair láidir, dlúthnaisc, agus pointe tosaigh uathúil na Ríochta Aontaithe agus an AE**. Ní mór dó freisin fíorthairbhí fadtéarmacha a sheachadadh don dá thaobh, agus tacú le rathúnas agus slándáil i bpáirt – agus is é sin an fáth a bhfuil sé á mholadh ag an Rialtas go mbunófar an caidreamh ar chomhpháirtíocht eacnamaíoch agus ar chomhpháirtíocht slándála.

Ní mór don chaidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAE sa todhchaí a bheith faisnéisithe ag **cur chuige freagrach i ndáil le teorainn chrua idir Tuaisceart Éireann agus Éire a sheachaint**, agus é sin a dhéanamh ar bhealach a léiríonn meas ar shláine bhunreachtúil agus eacnamaíoch na Ríochta Aontaithe agus ar fhéinriail an AE.

Comhpháirtíocht eacnamaíoch

Agus caidreamh trádála úra á dhearadh acu, ba cheart don Ríocht Aontaithe agus don AE mar sin díriú ar **rochtain leanúnach gan bac ag an teorainn a chinntiú ar mhargaí earraí a chéile**.

Chun an sprioc sin a bhaint amach, tá sé á mholadh ag an Rialtas **limistéar saorthrádála d'earraí** a bhunú. Chosnódh an limistéar saorthrádála sin **na slabhraí soláthair atá comhtháite go huathúil agus na próisis 'díreach in am'** atá forbartha ar fud na Ríochta Aontaithe agus an AE le 40 bliain anuas, mar aon leis na poist agus na slite beatha atá ag brath orthu. Chinnteodh sé sin gur féidir le gnólachtaí ar an dá thaobh leanúint orthu ag feidhmiú trína slabhraí luacha agus soláthair reatha. Sheachnódh sé sin an gá seiceálacha custaim agus rialála a bheith ag an teorainn, agus chiallóidh sé nach mbeadh ar ghnólachtaí dearbhuithe custaim costasacha a chomhlánú. Agus d'fhágfadh sé nach mbeadh ach sraith amháin ceadanna agus údaruithe le déanamh ar tháirgí i gceachtar den dá mhargadh, sula ndíolfar iad.

D'fhágfadh an limistéar saorthrádála d'earraí go mbeadh an Ríocht Aontaithe agus an tAE **ábailta a ngealltanais i bpáirt do Thuaisceart Éireann agus d'Éirinn** a chomhlíonadh tríd an gcaidreamh a bheidh ann sa todhchaí ina iomláine.

Sheachnódh sé an gá a bheadh le teorainn chrua idir Tuaisceart Éireann agus Éire, gan dochar a dhéanamh do mhargadh inmheánach na Ríochta Aontaithe – agus é sin a dhéanamh ar bhealach a léiríonn meas iomlán do shláine Mhargadh Aonair an AE, don Aontas Custaim, agus dá chreat bunaithe ar rialacha.

Ba cheart go mbeadh **na dlúthshocruithe sin maidir le hearraí in éineacht le socruithe úra do sheirbhísí agus cúrsaí digiteacha**, agus an tsaoirse a thabhairt don Ríocht Aontaithe a bhealach féin a leagan amach sna réimsí is tábhachtaí dá gheilleagar. Is mian leis an Rialtas bacainní úra ar thrádáil idir an Ríocht Aontaithe agus an tAE a íoslaghdú, agus tá súil aige go n-oibreoidh an dá thaobh le chéile chun iad a laghdú tuilleadh le himeacht ama – ach admhaíonn sé go mbeidh níos mo bacainní ar rochtain na Ríochta Aontaithe ar mhargadh an AE ná mar atá inniu ann.

Ar deireadh, ní mór tacú le caidreamh domhain cosúil leis seo trí fhorálacha lena dtabharfar muinín don dá thaobh **go mbeidh an trádáil atá á éascú aige oscailte agus cóir**. Tá tiomantais fhrithpháirteacha á moladh mar sin ag an Rialtas faoina

gcinnteofar go mbeidh gnólachtaí na Ríochta Aontaithe in ann dul san iomaíocht go cóir ar bhonn leanúnach i margaí an AE, agus go mbeidh gnólachtaí AE atá i mbun feidhme sa Ríocht Aontaithe in ann déanamh amhlaidh.

Ar an mbonn sin, is í an fhís atá ag an Rialtas **comhpháirtíocht eacnamaíoch** a bheith ann a n-áireofar léi:

- leabhar rialacha comhchoiteanna le haghaidh **earraí, lena n-áirítear agraibhia**, nach gcumhdófar ann ach na rialacha sin is gá chun trádáil gan bhac a chinntiú ag an teorainn – rud a chiallaíonn go ndéanfadh an Ríocht Aontaithe rogha roimh ré tiomnú trí chonradh do chomhchuibhiú leanúnach le rialacha ábhartha an AE, leis na rialacha ar fad atá reachtaithe ag an bParlaimint nó ag na reachtais déabhlóidithe;
- rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe **sna gníomhaireachtaí AE sin a sholáthraíonn údaruithe d'earraí** in earnálacha ardrialála – eadhon, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach – ag glacadh le rialacha na ngníomhaireachtaí sin agus ag déanamh ranníocaíochta dá gcostais, faoi shocruithe úra lena n-aithnítear nach mbeidh an Ríocht Aontaithe ina Bhallstát;
- tabhairt isteach céimnithe **Socráithe Custaim Éascáithe** faoina mbainfear as an gá le seiceálacha agus rialuithe custaim idir an Ríocht Aontaithe agus an tAE amhail is gur críoch custaim chomhcheangailte a bhí iontu, rud a chuirfeadh ar chumas na Ríochta Aontaithe a taraifí féin a rialú do thrádáil leis an gcuid eile den domhan agus a chinnteodh gur íoc gnólachtaí an taraif cheart, nó nár íoc siad taraif ar bith; thiocfadh feidhm leis sin i gcéimeanna de réir mar a chuirfidh an dá thaobh na hullmhúcháin riachtanacha i gcrích;
- i gcomhcheangal le **gan taraifí ar bith ar earraí ar bith**, sheachnófaí aon bhac úr ag an teorainn leis na socruithe sin, agus chosnófaí na slabhraí soláthair comhtháite a théann trasna na Ríochta Aontaithe agus an tAE, rud a d'fhágfadh go gcosnófaí na poist agus na slite beatha a dtacaíonn siad leo;
- socruithe úra maidir le **seirbhísí agus cúrsaí digiteacha**, rud a fhágfaidh go mbeidh saoirse rialála ann sna réimsí is mó tábhachta do gheilleagar seirbhís-bhunaithe na Ríochta Aontaithe. Chinnteoidh sé sin go mbeidh an Ríocht Aontaithe in ann an leas is fearr a bhaint as tionscail na todhcháí, rud a bheidh ag teacht le Straitéis Thionsclaíoch nua-aimseartha na Ríochta Aontaithe, agus ag an am céanna ag aithint nach mbeidh na leibhéil reatha rochtana ag an Ríocht Aontaithe ná ag an AE ar mhargaí a chéile;
- socruithe úra eacnamaíocha agus rialála do **sheirbhísí airgeadais** faoina gcoinneofar comhthairbhí na margaí comhtháite agus faoina gcosnófar an chobhsaíocht airgeadais agus, ag an am céanna, faoina léireofar meas ar cheart na Ríochta Aontaithe agus an

AE rochtain ar a margáí féin a rialú –tugtar faoi deara nach mbeidh na socrúithe sin ina macasamhail ar chórais pasanna an AE;

- comhoibriú leanúnach maidir le **fuinneamh agus iompar** – an Margadh Aonair Leictreachais i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn a choimeád, comhar leathan a lorg maidir le fuinneamh, comhaontú aeriompair a fhorbairt, agus iniúchadh a dhéanamh ar shocrúithe frithpháirteacha do tharlóirí bóthair agus d'oibreoirí iompair paisinéirí;
- **creat úr** faoina léirítear meas ar an Ríocht Aontaithe a bheith ag rialú a teorainneacha féin agus faoina gcuirtear ar chumas shaoránaigh na Ríochta Aontaithe agus an AE leanúint ag taisteal chuig tíortha a chéile, agus do ghnólachtaí agus do ghairmithe leanúint le seirbhísí a sholáthair – i gcomhréir leis na socrúithe a d'fhéadfadh an Ríocht Aontaithe a bheith ag iarraidh a thairiscint do dhlúthpháirtithe trádála amach anseo; agus
- i bhfianaise doimhneacht na comhpháirtíochta sin, forálacha ceangailteacha lena ráthaítear **timpeallacht trádála oscailte agus chóir** – ag tiomnú do leabhar rialacha comhchoiteanna le haghaidh cúnamh stáit a chur i bhfeidhm, socrúithe comhoibríocha a bhunú idir rialtóirí maidir le hiomaíocht, agus a aontú go gcoinneofar ardchaighdeán trí fhorálacha neamh-chúlchéimnithe i réimsí lena n-áirítear an comhshaol agus rialacha fostaíochta, rud a bheidh ag teacht gealltanais láidre intíre na Ríochta Aontaithe.

Faoina leithéid de chomhpháirtíocht, **chomhlíonfadh an Ríocht Aontaithe agus an tAE a ngealltanais do Thuaisceart Éireann agus d'Éirinn tríd an gcaidreamh foriomlán amach anseo**: sláine bhunreachtúil agus eacnamaíoch na Ríochta Aontaithe a choinneáil; a bheith dílis do litir agus spiorad Chomhaontú Bhéal Feirste ('Aoine an Chéasta'); agus a chinntiú nach gá úsáid a bhaint as an téacs oibriúcháin dlíthiúil a mbeidh an Ríocht Aontaithe ag dul i mbun comhaontaithe leis an AE i ndáil leis an réiteach 'cúlstop' a bheadh ina chuid den Chomhaontú Aistarraingthe.

Agus cé go bhfuil an méid atá á mholadh ag an Rialtas uailmhianach ina fhairsinge agus ina dhóimhneacht, tá sé inoibríthe chomh maith agus dílis do thoradh an reifrinn – **meas iomlán a léiriú ar cheannasacht na Ríochta Aontaithe, díreach mar a léiríonn sé meas ar fhéinriail an AE** – agus an ceart ag an bParlaimint cinneadh a dhéanamh faoin reachtaíocht a nglacfaidh sí léi sa todhchaí, agus ag tabhairt aitheantais don fhéidearthacht go bhféadfadh impleachtaí comhréireacha a bheith i gceist d'oibriú an chaidrimh amach anseo sa chás go bhfuil leabhar rialacha comhchoiteanna ag an Ríocht Aontaithe agus ag an AE.

Go hachomair, léiríonn an togra seo **cothromaíocht chóir agus réadúil** don chaidreamh trádála idir an Ríocht Aontaithe agus an AE sa todhchaí – ceann a dtabharfadh cosaint do phoist agus do shlíthe beatha, agus a bheadh ina údar do thoradh a bheadh ar leas an dá thaobh.

Comhpháirtíocht slándála

Is ionann slándáil na hEorpa agus slándáil na Ríochta Aontaithe, agus is mar sin a bheidh sé. Sin an fáth go bhfuil **gealltanais gan choinníoll** déanta ag an Rialtas chun í a choimeád.

Le linn bhallaíochta na Ríochta Aontaithe den AE, **d'oibrigh sí le gach Ballstát chun sraith shuntasach uirlisí a fhorbairt a thacaíonn le hinniúlachtaí oibríúcháin comhcheangailte na Ríochta Aontaithe agus an AE**, agus a chuidíonn le saoránaigh a choinneáil sábháilte.

Tá sé tábhachtach go leanfaidh an Ríocht Aontaithe agus an tAE den chomhar sin, agus go seachnófar bearnaí san inniúlacht oibríúcháin i ndiaidh don Ríocht Aontaithe fágáil.

Ní bheidh an Ríocht Aontaithe ina chuid de chomhbheartais an AE a thuilleadh i ndáil le gnóthaí eachtracha, cosanta, slándála, ceartais ná baile.

Ina áit sin, tá comhpháirtíocht slándála úr á moladh ag an Rialtas ina gcoimeádtar dlúthchomhar – mar de réir mar atá **an domhan ag athrú, tá na bagairtí a bhfuil aghaidh le tabhairt ag an Ríocht Aontaithe agus ag AE araon orthu ag athrú freisin**.

Ar an mbonn sin, is í fíis an Rialtais comhpháirtíocht slándála a mbeidh na nithe seo a leanas i gceist léi:

- **inniúlachtaí oibríúcháin** reatha a choimeád a mbaineann an Ríocht Aontaithe agus an tAE leas astu chun a saoránaigh a chosaint, lena n-áirítear cumas gníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin dlí sonraí agus faisnéis ríthábhachtach a roinnt agus tabhairt faoi chomhar praiticiúil chun coiriúlacht agus sceimhlitheoireacht thromchúiseach a imscrúdú – agus iad ag comhoibriú ar bonn na n-uirlisí agus na mbeart atá ann cheana, agus ag leasú reachtaíochta agus cleachtais oibríúcháin de réir mar is gá agus de réir mar a chomhaontaítear chun comhsheasmhacht oibríúcháin idir an Ríocht Aontaithe agus an tAE a chinntiú;
- **rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe i bpríomhghníomhaireachtaí** lena n-áirítear Europol agus Eurojust – faoina ndéantar foráil do bhealach éifeachtach agus éifeachtúil chun saineolas agus faisnéis a roinnt, agus oifigigh forfheidhmiúcháin dlí agus saineolaithe dlíthiúla ag obair as lámha a chéile chun go mbeidh siad in ann oibríochtaí agus imeachtaí breithiúnacha a chomhordú gan mhoill – ag glacadh le rialacha na ngníomhaireachtaí sin agus ag déanamh ranníocaíochta dá gcostais faoi shocruithe úra lena n-aithnítear nach mbeidh an Ríocht Aontaithe ina Bhallstát;

- socruithe chun **saincheisteanna maidir le beartas eachtrach, cosanta agus forbartha a chomhordú** – ag gníomhú le chéile chun dul i ngleic le roinnt de na dúshlán is mó ar domhan sa chás go bhfuil sé níos éifeachtaí oibriú le chéile, agus leanúint le leas a bhaint as sócmhainní suntasacha, faisnéis agus inniúlachtaí na Ríochta Aontaithe chun luachanna na hEorpa a chosaint agus a chur chun cinn;
- **comh-inniúlacht a fhorbairt**, ag tacú le héifeachtúlacht agus idir-inoibritheacht airm na Ríochta Aontaithe agus an AE, agus ag cur borradh faoi iomaíochas thionscail chosanta na hEorpa chun go gcuirfear ar a gcumas dul i ngleic leis na bagairtí reatha agus amach anseo; agus
- **comhoibriú níos leithne**, ag glacadh cur chuige ‘an bhealaigh iomláin’ chun dul i ngleic le cúiseanna na himirce neamhdhleathaí, plé straitéiseach a bhunú maidir le cibearshlándaíl, agus creat a chur i bhfeidhm chun tacú le comhar maidir le frithsceimhlitheoireacht, tacaíocht agus saineolas a thabhairt maidir le cosaint shibhialta agus oibriú le chéile ar shlándaíl sláinte.

Comhar leathan agus comhar eile

Ar deireadh, creideann an Rialtas gur cheart go gcuimseofar sa chaidreamh a bheidh ann sa todhchaí réimsí comhair atá lasmuigh den dá phríomh-chomhpháirtíocht, ach atá fós ríthábhachtach don Ríocht Aontaithe agus don AE. Áirítear leo sin:

- cosaint **sonraí pearsanta**, ag cinntiú go n-éascóidh an caidreamh sa todhchaí saorshreabhadh leanúnach sonraí chun tacú le gníomhaíocht gnólachtaí agus le comhoibriú slándála, agus a uasmhéadaíonn cinnteacht do ghnólachtaí;
- iarrachtaí chomhchoiteanna chun tuiscint níos fearr a fháil ar shaoil na ndaoine atá ina gcónaí idir laistigh agus lasmuigh de theorainneacha na hEorpa agus iad a fheabhsú - **comhaontuithe comhoibríocha** a bhunú maidir le heolaíocht agus nuálaíocht, cultúr agus oideachas, forbairt agus gníomhaíocht idirnáisiúnta, taighde agus forbairt cosanta, agus spás, ionas gur féidir leis an Ríocht Aontaithe agus an tAE leanúint leis an obair i gcomhar sna réimsí sin, lena n-áirítear trí chlár AE, agus an Ríocht Aontaithe ag tabhairt ranníocaíochtaí airgeadais iomchuí; agus
- **iascaireacht**, socruithe úra a chur i bhfeidhm le haghaidh idirbheartaíocht bhliantúil maidir le rochtain ar uiscí agus deiseanna iascaireachta a roinnt bunaithe ar mhodhanna níos córa agus níos eolaíche – agus an Ríocht Aontaithe a bheith ina stát cósta neamhspleách.

Brexit praiticiúil

Chun an cineál caidrimh a theastaíonn chun rathúnas a chinntiú don Ríocht Aontaithe agus don AE a sheachadadh, agus slándáil shaoránaigh na Ríochta Aontaithe agus an AE a choimeád, **ní mór don dá thaobh a bheith cinnte gur féidir leo muinín a bheith acu as na gealltanais atá tugtha acu dá chéile, agus a bheith in ann brath orthu.**

Chun taca a chur faoin gcaidreamh sa todhchaí mar sin, tá an Rialtas ag moladh **comhshocruithe institiúideacha** a dhéanamh lena ndéanfar soláthar do chuntasaíocht dhaonlathach iomchuí, lena féidir an caidreamh a fhorbairt le himeacht ama, go mbeifear in ann comhar a bhainistiú go héifeachtach agus a chur ar chumas na Ríochta Aontaithe agus an AE dul i ngleic le saincheisteanna de réir mar a thagann siad chun cinn.

Chinntedh na socruithe sin, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm Comhaontaithe Comhlachais, go mbeadh **an réiteach úr inbhuanaithe** – ag obair do shaoránaigh na Ríochta Aontaithe agus an AE anois agus sa todhchaí.

Dhéanfaidís foráil **d'idirphlé rialta idir ceannairí agus airí na Ríochta Aontaithe agus an AE**, a bheidh ar cóimhéid le doimhneacht an chaidrimh amach anseo agus a aithneodh suntasacht sheasamh domhanda a chéile.

Thacóidís le feidhmiú réidh an chaidrimh, ag cur taca faoi chineálacha éagsúla comhair rialála idir an Ríocht Aontaithe agus an AE.

Sa chás go raibh gealltanais tugtha ag an Ríocht Aontaithe don AE, lena n-áirítear sna réimsí sin a bhfuil an Rialtas ag moladh go mbeadh na Ríocht Aontaithe fós ina páirtí i leabhar rialacha comhchoiteanna, bheadh próiseas soiléir ann chun na rialacha ábhartha a nuashonrú, ar próiseas é a léirigh meas ar cheannasacht na Ríochta Aontaithe agus faoinár soláthraíodh do mhionscrúdú Parlaiminte.

D'áireofaí ar na socruithe **bealach láidir agus cuí chun díospóidí a réiteach**, lena n-áirítear trí Chomhchoiste agus ina lán réimsí trí eadráin neamhspleách cheangailteach. Dhéanfaí freastal ar ról Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh trí chomh-nós imeachta tagartha mar léirmhínteoir ar rialacha AE, ach bheadh sé bunaithe ar an bprionsabal nach féidir le cúirt páirtí amháin na díospóidí idir an dá pháirtí a réiteach.

Agus chinnteoidís **go léirmhíneodh** an Ríocht Aontaithe agus an tAE **na rialacha go comhsheasmhach** – le cearta forfheidhmithe sa Ríocht Aontaithe ag cúirteanna na Ríochta Aontaithe agus san AE ag cúirteanna an AE, mar aon le gealltanais go dtabharfadh cúirteanna na Ríochta Aontaithe aird chuí do chás-dlí an AE sna réimsí sin amháin inar lean an Ríocht Aontaithe le leabhar rialacha comhchoiteanna a chur i bhfeidhm.

Ar deireadh, **bheadh solúbthacht ann leis na socrúithe seo**, rud a chinnteodh go bhféadfadh an Ríocht Aontaithe agus an tAE athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh, freagairt agus oiriúnú do chúinsí agus do dhúshláin a bheidh ag athrú le himeacht ama.

Ag dul chun cinn

Creideann an Rialtas gurb é an togra seo le haghaidh **Brexit praiticiúil ar bhonn prionsabal an ceann ceart** – don Ríocht Aontaithe agus don AE araon.

Léireodh sí meas ar thoradh an reifrinn, agus chomhlíonfadh sí a ghealltanais, ag cinntiú ag an am céanna go bhfágann an Ríocht Aontaithe an tAE ach nach bhfágann sí an Eoraip– **ag aimsiú cothromaíocht úr idir ceart agus oibleagáidí** atá cóir don dá thaobh.

Ag coinneáil le spiorad Airteagal 50, agus gealltanais an dá thaobh don phrionsabal ‘ní bheidh aon rud aontaithe go mbeidh gach rud aontaithe’, tá **an Comhaontú Aistarraingthe agus an creat le haghaidh caidreamh sa todhchaí fite fuaite le chéile** – agus mar sin ní mór iad a thabhairt i gcrích le chéile.

Beidh ar an dá thaobh díriú fós ar an **‘gCreat don Todhchaí’ a aistriú ina théacs dlíthiúil a luaithe is féidir**, sula ndaingneofar na comhaontuithe ceangailteacha chun éifeacht a thabhairt dó – leis an aidhm aistriú réidh agus ordúil a chinntiú ón tréimhse cur chun feidhme go caidreamh an todhchaí.

Ar bhonn an togra seo, cuirfidh an Rialtas **de chúram anois ar fhoireann idirbheartaíochta na Ríochta Aontaithe oibriú le foireann an AE faoi dhlús**, ag oibriú chun comhaontú substainteach a bhaint amach anseo maidir leis an gCreat don Todhchaí mar aon leis an gComhaontú Aistarraingthe níos déanaí i mbliana.